

Ceacht a Deich

Lesson Ten

Ag Déanamh Rudaí

Doing Things

Leathanach 1

Page 1

1. Cad atá tú **ag déanamh**?
An bhfuil tú **ag léamh**?
Tá. Tá mé **ag léamh**.
Níl. Níl mé **ag léamh**.
2. Cad a bhí tú **ag déanamh**?
An raibh tú **ag léamh**?
Bhí. Bhí mé **ag léamh**.
Ní raibh. Ní raibh mé **ag léamh**.
3. Léigh mé litir aréir.
Bhí mé **ag léamh** litreach aréir.
Léigh mé an litir aréir.
Bhí mé **ag léamh** na litreach aréir.
4. Tá na páistí **ag imirt** cluiche.
Tá an cailín **ag briseadh** an phláta.
Tá Seán **ag tógáil** briosca.
Tá na páistí **ag déanamh** miongháire.
Tá an buachaill **ag scríobh** litreach.
Tá sé **ag caitheamh** na liathróide.
An bhfuil sé **ag ól** líomanáide?
5. Tá an fear **ag breathnú** ar an teilifís.
Tá sí **ag breith** ar an liathróid.
Tá Peadar **ag feitheamh** liom.
Tá mé **ag éisteacht** leis an raidió.
Tá sé **ag labhairt** leis an gcailín.
Tá na páistí **ag gáire** faoin madra.
6. Is maith liom **a bheith ag léamh**.
Is breá liom **a bheith ag imirt** peile.
Is fearr liom cispheil **a imirt**.
Ar mhaith leat dinnéar **a ithe**?
Ba mhaith liom é **a ithe**anois díreach.
Níor mhaith liom é **a ithe** go fóill.
B'fhearr liom brioscáí **a ithe**.
7. Tá Tomás ina **chodladh**.
Níl Máire ina **codladh** go fóill.
An bhfuil tú i do **chodladh**, a Mháire?
Níl. Níl mé i mo **chodladh** go fóill.
Tá mé i mo **luí**.
Tá mé i mo **shuí**.
Tá mé i mo **sheasamh**.
Tá mé i **bhfolach**.
- What are you **doing**?
Are you **reading**?
Yes. I am **reading**.
No. I'm not **reading**.
- What were you **doing**?
Were you **reading**?
Yes. I was **reading**.
No. I wasn't **reading**.
- I read a letter last night.
I was **reading** a letter last night.
I read the letter last night.
I was **reading** the letter last night.
- The children are **playing** a game.
The girl is **breaking** the plate.
John's **taking** a cookie.
The children are **smiling**.
The boy is **writing** a letter.
He's **throwing** the ball.
Is he **drinking** lemonade?
- The man is **watching** the television.
She's **catching** the ball.
Peter's **waiting** for me.
I'm **listening** to the radio.
He's **talking** with the girl.
The children are **laughing** at the dog.
- I like **to read**.
I love **to be playing** [Gaelic] football.
I prefer **to play** basketball.
Would you like **to eat** dinner?
I'd like **to eat** it right now.
I wouldn't like **to eat** it yet.
I'd rather **eat** cookies.
- Tom's **sleeping**.
Mary's not **sleeping** yet.
Are you **asleep**, Mary?
No. I'm not **sleeping** yet.
I'm **lying** down.
I'm **sitting** (or awake).
I'm **standing**.
I'm **hiding**.

Comhrá 1

- C: Dia duit, a Phádraigín.
P: Dia is Muire duit, a Cháit.
C: Conas tá tú?
P: Tá tuirse orm.
C: Cad a bhí tú **ag déanamh** inniu?
P: Bhí mé **ag damhsa**.

Comhrá 2

- T: Cad a bhí tú **ag déanamh** aréir?
S: Bhí mé **ag léamh** leabhair.
T: Cén leabhar a bhí tú **ag léamh**?
S: Bhí mé **ag léamh** “An Béal Bocht”.
T: Bhí mé fén **ag scriobh** litreach aréir,
ach léigh mé an leabhar sin anuraidh.

Comhrá 3

- A: Cá bhfuil na páistíanois?
B: Bhí siad **ag imirt** peile sa pháirc.
A: An bhfuil siad **ag imirt** go fóill?
B: Níl. Tá siad **ag troid** anois.
A: Féach! Tá Seánín bocht **ag caoineadh**.
B: Agus tá na buachaillí eile **ag rith** abhaile.

Comhrá 4

- A: An maith leat **a bheith ag imirt** peile?
B: Ní maith. Is fearr liom leadóga **a imirt**.
A: Ar mhaith leat cluiche leadóige
a imirt liomsa?
B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.
A: Beidh mé **ag feitheamh** leat anseo.
B: Ní bheidh tú **ag feitheamh** i bhfad.

Conversation 1

- Hi Patricia.
Hi, Kate.
How are you?
I'm tired.
What were you **doing** today?
I was **dancing**.

Conversation 2

- What were you **doing** last night?
I was **reading** a book.
Which book were you **reading**?
I was **reading** “The Poor Mouth”.
I myself was **writing** a letter last night,
but I read that book last year.

Conversation 3

- Where are the children now?
They were **playing** football in the park.
Are they still **playing**?
No. They're **fighting** now.
Look! Poor Johnny's **crying**.
And the other boys are **running** home.

Conversation 4

- Do you like **to play** football?
No. I prefer **to play** tennis.
Would you like **to play**
a game of tennis with me?
Yes. Thanks.
I'll be **waiting** for you here.
You won't be **waiting** long.

Comhrá 5

- A: An raibh tú **i do shuí** go luath?
 B: Ní raibh.
 D'fhan mé **i mo chodladh** go déanach.
 A: An raibh tú **ag rince** aréir?
 B: Ní raibh. Bhí mé **ag scríobh** litreach.
 A: Bhí mé féin **ag breathnú** ar an teilifís.
 B: B'fhearr liomsa litir **a scríobh**.

Conversation 5

- Were you **awake** early?
 No.
 I stayed **asleep** until late.
 Were you **dancing** last night?
 No. I was **writing** a letter.
 I myself was **watching** television.
 I'd rather **write** a letter.

Dán

Poem

(le Síle Ní Rabhartaí)

| An Oíche | The Night |
|---|--|
| Chonaic mé an oíche ag teacht anuas | I saw the night coming down |
| Mar chóta mór dubh ar an tuath | Like a large black coat on the countryside |
| Chuala mé na páistí ag dul a luí, | I heard the children going to sleep, |
| Le torann agus brón sa seomra istigh | With noise and sorrow in the room inside |
| D'fhág mé an madra ag tafann amuigh | I left the dog barking outside |
| Go brónach san oíche ag caoineadh sa ghaoth. | Sadly in the night, crying in the wind. |

Dán

Poem

(le Colm Mac Lochlainn)

| Chuala mé an Ghaoth | I Heard the Wind |
|-----------------------------------|-----------------------------------|
| Chuala mé an ghaoth | I heard the wind |
| Ag bualadh na bhfuinneog, | Beating the windows, |
| Ag cnagadh ar na doirse, | Knocking on the doors, |
| Ag séideadh na nduilleog. | Blowing the leaves. |
| | |
| Chuala mé an ghaoth | I heard the wind |
| Ag luascadh an chrainn, | Shaking the tree, |
| Ag leagan na slinnte | Knocking down the shingles |
| Anuas ón díon. | Down from the roof. |
| | |
| Chuala mé an ghaoth, | I heard the wind, |
| An oíche go léir, | The whole night, |
| Ag séideadh na fearthainne | Blowing the rain |
| Tríd an aer. | Through the air. |